Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Márta 2025**
**(OR. en)**

**6566/25**

**COPS 86**
**POLMIL 43**
**EUMC 82**
**COWEB 23**
**CFSP/PESC 342**
**CSDP/PSDC 122**
**RELEX 246**
**BIH 1**
**PSC DEC 10**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA maidir le Ceann Aonad Comhordúcháin an Aontais in Napoli a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéi (BiH/39/2025) |

**CINNEADH (CBES) 2025/… ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an … 2025**

**maidir le Ceann Aonad Comhordúcháin an Aontais in *Napoli* a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéi (BiH/39/2025)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/570/CBES ón gComhairle an 12 Iúil 2004 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin[1], agus go háirithe Airteagal 6(1) di,

[1] IO L 252, 28.7.2004, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2004/570/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 6(1) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/570/CBES, d'údaraigh an Chomhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin (Oibríocht ALTHEA) a fheidhmiú, na cinntí ábhartha a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 25 den Chonradh, agus cinntí a dhéanamh maidir le Ceannasaí Oibríochta an Aontais agus Ceannasaí Fórsa Oibríochta ALTHEA a cheapadh.

(2) Trí Mhalartú Litreacha idir an tArdrúnaí/an tArdionadaí agus Ardrúnaí ECAT an 28 Meán Fómhair 2004 agus an 8 Deireadh Fómhair 2004, faoi seach, d'aontaigh Comhairle an Atlantaigh Thuaidh an Ceann Foirne ar Cheanncheathrú Ceannais an Fhórsa Chomhpháirtigh in *Napoli* a chur ar fáil le bheith ina Cheann ar Aonad Comhordúcháin an Aontais (EUCE) in *Napoli*.

(3) An 6 Nollaig 2023 d'fhormheas an Coiste Polaitiúil agus Slándála an Plean Oibríochta d'Oibríocht ALTHEA (REV 7), ina luaitear mura bhfuil Ceannasaí Oibríochta an Aontais in ann a dhualgais a chomhlíonadh a thuilleadh, ar chúis breoiteachta nó cúis eile, go ndéanfaidh Ceann Aonad Comhordúcháin an Aontais (EUCE) ionadaíocht ar son Cheannasaí Oibríochta an Aontais go dtí go gcinneann an Coiste Polaitiúil agus Slándála a mhalairt.

(4) An 4 Feabhra 2025, mhol Ceannasaí Oibríochta an Aontais ar Oibríocht ALTHEA go gceapfaí an Leifteanant-Ghinearál Rodolfo SGANGA, Ceann Foirne Cheanncheathrú Ceannais an Fhórsa Chomhpháirtigh in *Napoli*, le bheith ina Cheann ar Aonad Comhordúcháin an Aontais in *Napoli* le haghaidh Oibríocht ALTHEA agus go ngabhfadh sé ionad Cheannasaí Oibríochta an Aontais nuair nach mbeadh an duine sin in ann a dhualgais a chomhlíonadh a thuilleadh.

(5) An 7 Feabhra 2025, d'fhormhuinigh Coiste Míleata an Aontais an moladh sin.

(6) An 12 agus an 13 Nollaig 2002, ghlac Comhairle Eorpach Chóbanhávan dearbhú lena luaitear nach mbeidh feidhm ag socruithe 'Beirlín Plus' agus a gcur chun feidhme ach amháin maidir leis na Ballstáit sin den Aontas is comhaltaí freisin de ECAT nó is páirtithe i 'gComhpháirtíocht na Síochána', agus a bhfuil comhaontuithe déthaobhacha slándála arna dtabhairt i gcrích acu le ECAT dá bhrí sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar an Leifteanant-Ghinearál Rodolfo SGANGA mar Cheann ar Aonad Comhordúcháin an Aontais in *Napoli* le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin (Oibríocht ALTHEA).

*Airteagal 2*

1. Muna bhfuil Ceannasaí Oibríochta Oibríocht ALTHEA in ann a dhualgais a chomhlíonadh a thuilleadh, glacfaidh Ceann Aonad Comhordúcháin an Aontais in *Napoli* ceannasaíocht *ad interim* Oibríocht ALTHEA air féin. I gcás den sórt sin, cuirfidh ceann foirne Ghrúpa Foirne Oibríocht ALTHEA an Aontais an Coiste Polaitiúil agus Slándála ar an eolas i scríbhinn.

2. Tosóidh an cheannasaíocht *ad interim* a luaithe a gheobhaidh Cathaoirleach an Choiste Pholaitiúil agus Slándála an fhaisnéis sin.

3. Tiocfaidh deireadh leis an gceannasaíocht *ad interim* nuair a ghlacfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála cinneadh nua maidir le Ceannasaí Oibríochta Oibríocht ALTHEA.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh .../...

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus*
*Slándála*
*An Cathaoirleach*